Bileog 1.1a

Sonraí pearsanta/cúlra Réamhobair féachana

Beidh tú ag féachaint ar mhír (Vifax 11/11/14) a bhí ar nuacht TG4 faoi bhás Brian Farrell, a bhí ag obair mar iriseoir in RTÉ. Bí ag obair leis an duine in aice leat agus déanaigí an réamhobair seo le chéile.

1. Déanaigí liosta de na ceisteanna a chuirtear chun sonraí pearsanta duine a fháil. Bígí cinnte go gclúdóidh sibh na pointí seo:

Náisiúntacht	Seoladh	Aois	Teaghlach
Stádas pósta	Clann	Caitheamh aimsire	Obair

2. Conas a chuirtear an cheist *Are you Spanish?* as Gaeilge? Cad é an freagra ceart ar cheist mar sin?
3. An féidir libh mórán de na contaetha a scríobh as Gaeilge? Tosaígí le bhur gcontaetha féin.



4. Cuirigí Gaeilge ar na frásaí seo:
   - south Donegal
   - north Dublin
   - the midlands
   - west Kerry
   - the east coast

   - parish
   - capital city
   - suburb
   - townland
   - diocese
   - housing estate
   - urban area
   - rural area

Sonraí pearsanta/cúlra Plé

Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat:

1. Cén cineál ceantair a bhfuil tú i do chónaí ann? An maith leat do cheantar? An féidir leat a rá go bhfuil baint agat leis an phobal sa cheantar?
2. An bhfuil tú i do chónaí san áit inar rugadh tú? Cén fáth?
3. An bhfuil daoine ó thíortha eile agus le cultúr éagsúil ina gcónaí sa cheantar?
4. Dá sroichfeadh eachtrannach do cheantar, cad iad na rudaí faoin cheantar a chuirfeadh iontas air, dar leat?
5. An bhfuil cultúr tíre/áite tábhachtach, dar leat? Cad iad na nithe dearfacha agus diúltacha faoi chultúr na hÉireann, i do thuairim?
6. Cén cultúr eile taobh amuigh de do chultúr féin a bhfuil meas agat air? Cén fáth?
7. An duine 'uirbeach' tú nó an duine 'tuaithe' tú?

© Oifig an Náid

Bileog 1.1b

Sonraí pearsanta/cúlra Féachaint

Bí ag obair leis an duine in aice leat - féachaigí ar an tuairisc uair amháin agus freagraígí na ceisteanna seo:

a) Cé hiad na daoine cáiliúla a luadh sa tuairisc agus atá ag cásamh bhás Brian Farrell inniu?
b) Breac síos cúig líne faoin saol gairmiúil a bhí ag Brian Farrell.
c) Cad a bhí le rá ag Seán Ó Tuairisg faoi?
d) Cén áit eile a raibh sé ag obair? Cén teideal eile a bhí aige?
e) Ar chuir tú suim sa tuairisc seo? Cén fáth?

Éist leis an tuairisc uair amháin eile agus breac síos aon eolas breise a chloisfidh tú faoi theaghlach Brian Farrell, agus ansin aon ní atá ar eolas agat féin faoi. Cén t-eolas a bhí ag an duine in aice leat? Cad é an difríocht idir an focal ***teaghlach*** agus an focal ***clann***?

Go minic, nuair a bhásaíonn duine, déantar an bás a chásamh lena theaghlach, mar shampla: 'Ar dheis Dé go raibh a anam uasal'. Cad iad na bealaí eile atá ar eolas agaibh le comhbhrón a dhéanamh le duine?

Sonraí pearsanta/cúlra Labhairt/scríobh

A. Ar ball, beidh seans ag gach duine agallamh a chur ar dhuine cáiliúil a bheidh ar ***7Lá*** le Páidí Ó Lionáird an tseachtain seo. Sula ndéanfaidh sibh na hagallaimh, áfach, pléigí na ceisteanna thíos mar réamhullmhúchán faoi conas agallamh a dhéanamh:

- Conas a chuireann an t-óstach an t-aoi i láthair?
- Cad atá i gceist le hagallamh mar seo? An cur síos ar bheathaisnéis amháin é?
- Cad air a mbeidh an bhéim in agallamh mar seo?
- Cad iad na príomhcheisteanna a chuirfear? An mbeidh ceisteanna leantacha/breise ann?
- Conas is féidir leis an óstach suim a léiriú san aoi?
- Conas a chuireann an t-óstach críoch leis an agallamh?
- Conas a dhéanann an t-óstach réamhullmhúchán don agallamh?

B. Anois tabharfaidh an múinteoir pictiúr duit de dhuine cáiliúil agus beidh tú féin agus an duine in aice leat ag cur agallaimh ar a chéile, ag ligean oraibh gur sibh na daoine sa phictiúr atá agaibh. Cuirfidh an chéad duine agallamh ar an duine eile ar dtús agus ansin malartóidh sibh róil. Ná déanaigí dearmad ar na pointí a phléigh sibh thuas.

C. Cad é an deacracht is mó a bhí agat agus tú ag déanamh an agallaimh? Cé hé/hí an t-óstach is fearr atá ar an teilifís, dar leat? Cén fáth?

D. Scríobh alt anois bunaithe ar an agallamh atá díreach déanta agat.

© Of Ma Nua

Bileog 1.2

Téarmaíocht na gramadaí **Ceachtanna**

Sa bhosca thíos ceangail na téarmaí gramadaí ar dheis leis na sainmhínithe ar chlé. Féach an raibh na freagraí céanna ag an duine in aice leat. Ansin déanaigí iarracht sampla(í) de gach téarma gramadaí a aimsiú sa téacs seo thíos, a tógadh as alt faoin fhile Nuala Ní Dhomhnaill (www.beo.ie).

> Rugadh Nuala i Lancashire Shasana i 1952, ach nuair nach raibh sí ach cúig bliana d'aois d'aistrigh sí go Ceann Trá i gCiarraí, áit ar chónaigh sí lena haintín ar feadh dhá bhliain. 'Theastaigh ó mo dhaid bogadh thar n-ais agus sa deireadh bhí mo mháthair sásta bogadh - cé nach raibh sí róshásta i dtosach báire. Bhí post breá aici i Sasana - bhí sí ina dochtúir ann agus bhí 7,000 othar aici - agus nuair a tháinig sí thar n-ais go hÉirinn ní fhéadfadh sí post a fháil mar dhochtúir mar go raibh sí pósta (bhí an marriage ban ann). Chaith sí é a thabhairt suas agus bhí sé an-dian uirthi'.

1. Focal a úsáidtear le rá cad atá á dhéanamh nó cad atá ag tarlú.	**a.** Forainm
2. b, c, d, f, g, l, m, n, p, r, s, t.	**b.** An t-alt
3. Focal ar nós – an b**h**ean.	**c.** Gutaí
4. Focal a thagraíonn do dhuine, d'áit nó do rud.	**d.** Focal Baininscneach
5. Ceann amháin de rud.	**e.** Réamhfhocal Simplí
6. Focal a chuireann síos ar rud nó a thugann níos mó eolais faoi rud.	**f.** Réamhfhocal Comhshuite
7. ***An*** agus ***na***.	**g.** Uimhir uatha
8. Focal a úsáidtear in áit ainmfhocail.	**h.** Briathar
9. Níos mó ná ceann amháin.	**i.** Uimhir Iolra
10. Focal beag a bhíonn roimh ainmfhocal chun é a cheangal le foca(i)l eile.	**j.** Focal Firinscneach
11. Focal ar nós – an **t-**uisce.	**k.** Forainm Réamhfhoclach
12. ar + mé = orm.	**l.** Consain
13. **a**, **e**, **i**, **o** agus **u**.	**m.** Aidiacht
14. Bíonn réamhfhocal simplí agus ainmfhocal mar chuid de.	**n.** Ainmfhocal

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10	11	12	13	14

"Is breá liom an ghramadach!" – pléigh.

© ÓÉ Má Nuad

Bileog 1.3a

Cúlra **Plé**

Beidh tú ag léamh ailt ar ball faoi bhean ón Pholainn a d'aistrigh go hÉirinn. Sula léann tú an t-alt, pléigh féin agus an duine in aice leat aon eolas atá agaibh faoi (i) Polannaigh in Éirinn (ii) inimircigh eile go hÉirinn (iii) na deacrachtaí, dar libh, a bheadh ag eachtrannaigh agus iad ag lonnú in Éirinn.

Cúlra **Léamh**

Anois léigh an sliocht (bunaithe ar alt a bhí ar www.beo.ie) os ard leis an duine in aice leat. Breacaigí síos sna bearnaí ag deireadh an ailt cén chuid den ghramadach lena mbaineann na focail a bhfuil cló dubh orthu.

Izabela Chudzicka le hAlan Desmond

*Tá breis is 100,000 Polannach ag cur fúthu in Éirinn anois ach is beag duine acu a bhfuil oiread cáile air is atá ar Izabela Chudzicka. Bíonn sí le feiceáil go rialta ar chláir éagsúla cúrsaí reatha agus ealaíne ar an teilifís agus is láithreoir í féin ar stáisiún áitiúil teilifíse i mBaile Átha Cliath chomh maith. Labhair **Alan Desmond** léi le gairid faoina cúlra, faoina saol nua in Éirinn agus faoi na difríochtaí idir fir na hÉireann agus fir na Polainne.*

Is beag **Éireannach**[1] sa lá atá inniu ann nach bhfuil aithne aige ar Pholannach amháin ar a laghad agus daoine den chine sin ag cur **fúthu**[2] i ngach baile, idir bheag is mhór, ó cheann ceann na hÉireann. I measc na n-inimirceach Slavach seo go léir is í Izabela Chudzicka an Polannach is mó a bhfuil cáil éigin bainte amach aici in Éirinn. Tá clár as Polainnis á chur i láthair aici ar City Channel ó 2005 agus ó shin i leith tá sí **tar éis**[3] a bheith mar aoi ar chláir RTÉ *Questions and Answers*, *The View*, *The Late Late Show*, *The Tubridy Show* agus cláir nach iad. Is éacht é seo do bhean nach bhfuil ach 27 bliain aici agus Béarla **lochtach**[4], leis.

Mar a fuair mé amach, áfach, ní hé cur i láthair chláir theilifíse an t-aon phost amháin atá ag an bPolannach óg seo. Bhuail mé le hIzabela in oifig i bPáirc Ghnó *East Point*, ceann de na páirceanna gnó is mó sa tír, atá suite gar do Chluain Tarbh, ar thalamh a athghabhadh ó Bhá Bhaile Átha Cliath. Is in *East Point* atá oifigí ag *metoo.ie*, comhlacht a bhfuil Izabela ag obair leis le cúpla mí anuas.

"Is suíomh gréasáin do Pholannaigh in Éirinn é *www.metoo.ie*. Is seirbhís earcaíochta é; bíonn **tairiscintí**[5] oibre á bhfógairt ann, ach chomh maith leis sin bíonn nuacht ón bPolainn agus go háirithe ó Éirinn ann agus tá fóram ar an suíomh a thugann deis do Pholannaigh in Éirinn ceisteanna éagsúla a phlé le chéile."

Cé go bhfuil cur amach na nÉireannach ar an bPolainn ag dul i méid le blianta beaga anuas is beag duine sa tír seo a mbeidh ainm áit dhúchais Izabela cloiste aige.

"Rugadh mé in Zabkowice Slaskie, baile beag i ndeisceart na Polainne, tuairim is 20 nóiméad ón teorainn le Poblacht na Seice. Is baile beag é i gcomhthéacs na Polainne," a deir sí agus déanann sí gáire beag. "Tá tuairim is fiche míle duine ina gcónaí in Zabkowice.'
Agus í ag fás aníos i mbaile a bhí beag, dar léi, ní foláir nó gur theastaigh uaithi an áit a thréigean a luaithe is arbh fhéidir agus an domhan mór a bhlaiseadh.

© OE Má Nuad

"Níor theastaigh![6] Ní raibh sé ar intinn agam Zabkowice a fhágáil in aon chor, bhí mo shaol ar fad ann. Cinnte, bhí brionglóidí agam; theastaigh uaim bheith i m'aisteoir sna blianta a bhí romham, ach níor smaoinigh mé ar an domhan lasmuigh de Zabkowice fad is a bhí mé ann".

Rugadh Izabela i mí Aibreáin 1980, naoi mbliana roimh thitim an chumannachais sa Pholainn. Naoi mbliana d'anró is d'easpa a bhí ann agus an ghluaiseacht dhaonlathach ag iarraidh an ceann is fearr a fháil ar an gcóras cumannach a bhí ar an dé deiridh. Cé go raibh **sí**[7] óg ag an am is cuimhin léi fós an ganntanas a thréithrigh na hochtóidí ina tír dhúchais.

"An chuimhne is mó atá agam ar an aimsir sin ná gur bheag a bhí le ceannach sna siopaí agus bhíodh ar dhaoine seasamh i scuainí ar feadh uaireanta an chloig chun earraí bunúsacha mar fheoil a cheannach."
Bhí **an t-ádh**[8] ar mhuintir Chudzicka, áfach.
"Bhí **a lán**[9] cairde ag mo theaghlach sa Ghearmáin agus chuiridís bearta chugainn ina mbíodh nithe mar bhananaí agus *Nutella*, rudaí nach bhfaighfeá sa Pholainn ag an am ar ór nó ar airgead."

Neamhspleách mar dhuine
Cé nár rith sé le hIzabela Zabkowice Slaskie a fhágáil le linn a hóige bhí tréithe aici a bheadh ag teastáil ó dhuine chun a thír a thréigean agus slí bheatha a bhaint amach ar an teilifís.

"Bhí mé an-neamhspleách riamh; chuaigh mé sna gasóga nuair a bhí naoi nó deich mbliana agam agus níl samhradh tugtha agam i dteannta mo thuismitheoirí ó shin! Bhí mé an-ghníomhach agus an-chróga nuair a bhí mé óg, ní raibh mé riamh cúthail. Is dioscmharcach é m'athair agus bhí baint **aige**[10] le himeachtaí cultúrtha sa chathair agus d'fhág sé sin go raibh teagmháil agam leis an saghas sin saoil chomh maith. Ghlac mé páirt i ngrúpa amharclainne, mar shampla. Chuireamar drámaí éagsúla ar siúl agus ní raibh aon eagla orm dul suas ar stáitse agus aird an tslua a tharraingt orm féin. Grúpa amaitéarach a bhí ann, ar ndóigh, agus bhain mé an-taitneamh as, ach ba í an bhrionglóid a bhí agam ná bheith i mo láithreoir teilifíse."

1. _____ 2. _____
3. _____ 4. _____
5. _____ 6. _____
7. _____ 8. _____
9. _____ 10. _____

© OÉ Má Nuad

Bileog 1.3b

Cúlra Plé

Pléigh na ceisteanna seo leis na daoine sa ghrúpa leat:

1. Cén saghas duine í Izabela, dar leat?
2. An bhfuil aithne agat féin ar Pholannaigh nó eachtrannaigh ar bith eile atá ina gcónaí i do cheantar? An bhfuil siad chomh rathúil le hIzabela ó tháinig siad go hÉirinn?
3. Ar chaith tú féin seal ag obair mar eachtrannach thar lear riamh? Ar thaitin sé leat?
4. An síleann tú go mbeifeá chomh gníomhach céanna le hIzabela agus tú ag cur fút thar lear? Cén fáth?

Cúlra Teanga

An Pholainn	Polannach	An Pholainnis

1. Cad is féidir leat a rá faoi na focail thuas?
2. Déan liosta de na daoine ó thíortha eile a gcasann tú leo i do shaol laethúil agus i do shaol oibre. Cad iad na teangacha a labhraíonn siad?
3. Féach ar na focail thíos - déan liosta leis an duine in aice leat den stór focal ar fad atá ar eolas agaibh faoin teaghlach sínte.
   athair **máthair** **col ceathrar** **seanathair**
4. Déan cur síos don duine in aice leat ar do chúlra/do theaghlach féin.

Cúlra Foclóir

Féach ar na focail/frásaí seo thíos atá sa sliocht. Ag obair leis an duine in aice leat, aimsígí focail/frásaí eile a bhfuil an míniú céanna acu.

Ag cur fúthu: _____

Cur amach: _____

Ní foláir: _____

An dé deiridh: _____

Rith sé leis: _____

Baint amach: _____

Cúthail: _____

Cúlra Plé

Faigh eolas ón duine in aice leat faoi na topaicí seo:

Cúlra:

áit dhúchais
áit chónaithe
teanga dhúchais

→

Teaghlach/clann:

bean chéile/fear céile
páistí
deirfiúracha
deartháireacha

→

Caitheamh aimsire:

spórt
ceol
bia agus deoch
léitheoireacht
laethanta saoire

© OÉ Má Nuad

Bileog 1.4

Logainmneacha **Réamhobair éisteachta**

Déan plé leis na daoine eile i do ghrúpa ar na ceisteanna seo thíos:

1. An bhfuil eolas agat faoi mhíniú agus faoi chúlra ainm na háite ina bhfuil cónaí ort?
2. An síleann tú go bhfuil sé tábhachtach brí nó cúlra logainm a bheith ar eolas ag duine? Cén fáth?
3. Cad atá ar eolas agat faoi stair na logainmneacha in Éirinn?
4. Ar chuala tú trácht ar an suíomh idirlín www.logainm.ie riamh? Cad atá i gceist leis?

Logainmneacha **Éisteacht**

BUNACHAR LOGAINMNEACHA NA HÉIREANN
Placenames Database of Ireland

Beidh tú ag éisteacht le mír ón chlár **An Saol ó Dheas: Dé Céadaoin, 01 Deireadh Fómhair 2008**. Beidh **Breandán Ó Cíobháin** ag tabhairt a thuairime faoin suíomh idirlín www.logainm.ie, a seoladh díreach roimhe sin. Éist leis an mhír agus déan iarracht na ceisteanna seo a fhreagairt.

(a) Cén fáth ar roghnaíodh Breandán Ó Cíobháin le labhairt faoin ábhar seo?
(b) Cén tuairim atá ag Breandán faoin suíomh www.logainm.ie? Cad iad na lochtanna atá aige air?
(c) Féach anois tú féin ar www.logainm.ie. An féidir leat Gaeilge a chur ar do cheantar féin anois? An bhfuil an méid a dúirt Breandán Ó Cíobháin faoin easpa logainmneacha fíor in 2015?
(d) Cén chanúint atá ag cainteoirí na míre? Breac síos cúig chomhartha den chanúint sin atá le cloisteáil sa mhír.

An tAire Ó Cuív

Cad is féidir leat a rá faoi conas **Ó**, **Mac**, **Ní**, **Nic** agus **Uí** a úsáid?
Pléigh leis an duine in aice leat agus léirígí le samplaí.

(1) Cad é an difear idir leasainm agus teideal?
(2) An bhfuil aon leasainm/teideal ort féin?
(3) Cuir Gaeilge ar na hainmneacha seo thíos.
(4) Glac féin agus an duine in aice leat sealanna ag cur na ndaoine seo in aithne dá chéile go foirmiúil.

The President Michael D. Higgins	Doctor O'Brien
Father Fitzgerald	Bishop McDermott
Professor Burke	Sister Mary
TD Catherine Murphy	Councillor Doherty
Minister for Education and Skills	Minister for Health
Prime Minister David Cameron	Our Prime Minister Enda Kenny

© OÉ Má Nuad